GCSE

TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ
GCSE CCEA

Eolaíocht Teastais Dhúbailte Lámhleabhar Praiticiúil

Aonad 7: Scileanna Praiticiúla

C3: Imscrúdú a dhéanamh ar imoibríocht na miotal

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017

Imscrúdú a dhéanamh ar imoibríocht na miotal

Sa turgnamh seo oibreoidh tú amach an imoibríocht choibhneasta atá ag 4 mhiotal:

Iarann, Maignéisiam, Copar agus Sinc

Leis an imoibríocht choibhneasta atá ag gach miotal a oibriú amach déanfaidh muid imoibrithe díláithriúcháin trí gach miotal a imoibriú le tuaslagán d'ian miotail eile. Má bhíonn an miotal níos imoibríche ná an miotal i dtuaslagán (i láthair mar ian), ansin tarlóidh imoibriú díláithriúcháin agus feicfidh muid athrú san imoibriú.

> 'Déanfaidh miotal atá níos imoibríche miotal nach bhfuil chomh himoibríoch céanna a dhíláithriú óna ian i dtuaslagán'

Fearas agus Ceimiceáin

Raca promhadán
Promhadáin x3
Tuaslagán sulfáit chopar(II) (0.5 mol/dm^3)
Tuaslagán sulfáit mhaignéisiam (0.5 mol/dm^3)
Tuaslagán sulfáit since (0.5 mol/dm^3)
Tuaslagán sulfáit iarann(II) (0.5 mol/dm^3)
Píosaí de scragall copair (3 phíosa bheaga scragaill thart ar 1 cm^2)
Sinc (3 ghráinnín bheaga nó píosaí scragall thart ar 1 cm^2)
Iarann (3 thairne bheaga neamhghalbhánaithe)
Ribín maignéisiam (3 phíosa bheaga 1 cm ar fhad)

Imoibríocht Fe

Modh:

1. Líon promhadáin leithleacha le tuaslagáin shulfáit chopair(II), shulfáit maignéisiam agus shulfáit since go mbíonn siad leathlán.
2. Cuir píosa iarann le gach promhadán.
3. Fág ar feadh 3 nóiméad, taifead breathnuithe.

Ainm Tuaslagáin	Breathnuithe ag an tús	Breathnuithe i ndiaidh 3 nóiméad	Imoibriú díláithriúcháin? "Tá/Níl"

Mar sin de, tá iarann níos imoibríche ná: _____

Níl iarann chomh himoibríoch le: _____

Imoibríocht Zn

Modh:

1. Líon promhadáin leithleacha le tuaslagáin shulfáit chopair(II), shulfáit maignéisiam agus shulfáit iarainn(II) go mbíonn siad leathlán.
2. Cuir píosa since le gach promhadán.
3. Fág ar feadh 3 nóiméad, taifead breathnuithe.

Ainm Tuaslagáin	Breathnuithe ag an tús	Breathnuithe i ndiaidh 3 nóiméad	Imoibriú díláithriúcháin? "Tá/Níl"

Mar sin de, tá sinc níos imoibríche ná: _____

Níl sinc chomh himoibríoch le: _____

Imoibríocht Cu

Modh:

1. Líon promhadáin leithleacha le tuaslagáin shulfáit maignéisiam, shulfáit iarainn(II) agus shulfáit since go mbíonn siad leathlán.
2. Cuir píosa copair le gach promhadán.
3. Fág ar feadh 3 nóiméad, taifead breathnuithe.

Ainm Tuaslagáin	Breathnuithe ag an tús	Breathnuithe i ndiaidh 3 nóiméad	Imoibriú díláithriúcháin? "Tá/Níl"

Mar sin de, tá copar níos imoibríche ná: _____

Níl copar chomh himoibríoch le: _____

Imoibríocht Mg

Modh:

1. Líon promhadáin leithleacha le tuaslagáin shulfáit chopair(II), shulfáit iarainn(II) agus shulfáit since go mbíonn siad leathlán.
2. Cuir píosa maignéisiam le gach promhadán.
3. Fág ar feadh 3 nóiméad, taifead breathnuithe.

Ainm Tuaslagáin	Breathnuithe ag an tús	Breathnuithe i ndiaidh 3 nóiméad	Imoibriú díláithriúcháin? "Tá/Níl"

Mar sin de, tá maignéisiam níos imoibríche ná: _____

Níl maignéisiam chomh himoibríoch le: _____

Scríobh ord imoibríochta na 4 mhiotal ag tosú leis an cheann is imoibríche:

Do gach imoibriú díláithriúcháin a tharla, scríobh cothromóid siombailí chothromaithe.

Scríobh cothromóid ianach do gach imoibriú a tharla.